

Scéal, Scéal, Scéal...

Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharráige

Instagram: @pleanteangachoisfharráige
Twitter: @PleanTeangaCF
Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharráige

17 MEÁN FOMHAIR 2020



RÓISÍN AGUS JOHNNY ÓG @ TG4

Beidh beirt de na ceoltóirí is gníomhaí agus is cruthaithí as ceantar Chois Fharráige le feiceáil ar chláracha éagsúla ar TG4 ar an Aoine, Oíche an Chultúir. Beidh **Johnny Óg Connolly** an boscadóir agus cumadóir ceoil as Cor na Rón ar dhuine de healaíontóirí a bheas sa gclár *Tearmann* a chraolfar ag 8.30i.n. Beidh **Róisín Seoighe**, bean óg ildánach as Ros a' Mhíl sa scannán *Cumar*. Cíortar tionchar Chonamara agus chathair na Gaillimhe ar chruthaíocht lucht ealaíne an cheantair sa bhfad scannán seo a stiúraigh Aodh Ó Coileáin. Beidh Róisín i gcuideachta an údair Mike Mc Cormack, an fhir grinn Tommy Tiernan agus an físealaíontóra Pádraic Reaney. Ag 9.30 a thosóidh sé ar TG4.



POST AR FÁIL LE HÚDARÁS NA GAELTACHTA

Tá post mar fháilteoir agus riarthóir á thairiscint ag Udarás na Gaeltachta. Beidh an post seo feiliúnach do dhuine ar bith a bhfuil cumas aige/aici i gcúrsaí riaracháin, rúnaíochta agus fáiltithe, chomh maith le líofacht Ghaeilge gan aimhreas! Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag: www.udaras.ie In Ardoifig Udarás na Gaeltachta sna Forbacha a bheas an té a cheapfar lonnaithe. Is féidir iarratas, mar aon le CV i nGaeilge a sheoladh chuig foluntais@udaras.ie roimh an Aoine 18 Meán Fómhair.

OÍCHE CHULTÚIR 2020

Tá Oíche Chultúir 2020 buailte linn. Cé gur tháinig deacrachtaí aniar aduaidh ar an bhféile i mbliana, níor cuireadh bac ar bith ar na himeachtaí agus ócáidí a bheas ar siúl ar an Aoine bheag seo. Ar líne, don chuid is mó a bheas na himeachtaí i mbliana. I gCois Fharráige, eagróidh **Tuismitheoirí na Gaeltachta Féasta Filíochta** ina mbeidh rogha dánta agus rannta do dhaoine óga ar fáil ar líne agus in ionaid sa bpobal. Beidh **Iontais an tSaoil le Cúl an Tí** ar siúl sa gCeardlann sa Spidéal idir 7 agus 9 i.n. Tabharfar cuireadh do dhaoine cuairt a thabhairt ar an leabharlann so-ghluaiste físiúil agus saothar ealaíontóirí Chonamara a fheiceáil ann. Beidh taispeántas seanleabhar agus ceardaíochta ar siúl in Ionad an Udaráis, Coláiste Lurgan, Indreabhán ón 4-7i.n. Tá an clár iomlán le feiceáil ar líne ar an suíomh gréasáin: www.culturenight.ie

DEISEANNA AISTEOIREACHTA SA SPIDÉAL!

Tá West Coast Casting sa tóir ar aisteoirí breise i gceantar an Spidéil. Mná, le gruaig fhionn, idir 18-23, agus fir le gruaig fhionn idir 16-18 atá uathu! Is féidir iarratas a sheoladh chuig: westcoastcastingireland@gmail.com Ní mór do chuid sonraí teagmhála chomh maith le grianghraf díot, a tógadh le gairid, a bheith leis an iarratas.



DEALBH UÍ CHADHAIN AR AN SPIDÉAL

Is garr go mbeidh an scríbhneoir clúiteach, Máirtín Ó Cadhain, leathchéad bliain faoin bhfód. Ag ócáid a heagraíodh sa Spidéal le deireanaí, bhronn **Cumann Forbartha Chois Fharráige** síntiús €5,000 ar **Iontaobhas Uí Chadhain** le cuidiú le costas dealbh den Chadhnach a chur suas ar an Airdín Buí, plásóg díreach taobh thoir de shráidbhaile an Spidéil. Is é an dealbhóir **Alan Ryan Hall**, a bhfuil cónaí air in Oileán Dairbhre, atá ag déanamh na deilbhe cré-umha. Cumann Forbartha Chois Fharráige a mhol don Iontaobhas, cúpla bliain ó shin go mba cheart go mbeadh dealbh de laoch próis na Nua-Ghaeilge ina áit dhúchais. Leis an gCadhach a chomóradh, chomh maith leis an dealbh ar an Spidéal, tá rún ag an Iontaobhas áit breithe Mháirtín ar an gCnocán Glas a chaomhnú agus Ionad Cuartaíochta a fhorbairt ann. Tá tús curtha ag Iontaobhas Uí Chadhain le feachtas tiomsaithe airgid leis an bplean a chur i gcrích. Eolas le fáil ag: mairtinocadhain.ie

MÁIRTÍN Ó CADHAIN Á CHOMÓRADH

Déanfar athléamh agus scrúdú ar ghearrscéalta an Chadhanaigh ar an Aoine 18/09 idir 10r.n. & 4i.n. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ó Chló Iar-Chonnacht @ 091 593 307



Gearrscéalta
Mháirtín Uí Chadhain
Scríobta agus léirithe ag Máirtín Ó Cadhain
Le Sliabh Pádraic, 2014



ROTHAÍ NA GAELTACHTA

Is gearr go mbeidh Rothaí na Gaeltachta faoi lán tseoil, ach tá am ann fós le clárú le bheith páirteach ann. Deis iontach a bheas ann do rogha dúshláin, idir 10 agus 100km a chur romhat féin! Bhí dea-chomhairle le fáil ón rothaí cáiliúil Pádraic Ó Cuinn ar Facebook le deireanaí maidir leis na hullmhúcháin is tábhachtaí don dúshlán seo. Le clárú: <https://forms.gle/4FSKukjfNnxJqc6LA>



LÁ NA MARA 2020

SÁBHÁIL AN DÁTA LÁ MARA 2020

Lá na Mara a bheas ann ar an Déardaoin 24 Meán Fómhair. Beidh seimineár ar líne ar siúl leis an lá ar leith seo a cheiliúradh. Udarás na Gaeltachta a bheas ina bhun. Is féidir tuilleadh eolais a fháil agus áit a chur in áirithe ar líne, ag: www.eventbrite.ie/e/la-na-mara-domhanda

24.09.2020

CAIFÉ CULTÚIR

Tá Oifigigh Pleanála Teanga na Gaillimhe ag cur tús le **Caifé Cultúir** ar 11 r.n. Déardaoin 24 Meán Fómhair. Sa gCaifé míosúil seo pléifear cúrsaí ealaíona agus cultúir i nGaeltacht na Gaillimhe. Beidh aoí-chainteoir ann agus beidh an Caifé á óstáil ag Oifigeach Pleanála Teanga eagsúil chuile mhí. Is í Majella Ní Chríocháin, Oifigeach Pleanála Teanga na Ceathrún Rua a bheidh sa gcathaoir ag an gcéad Chaifé. Cuirfear tús leis an ócáid le caint ó Dharach Ó Tuairisg, Fíabín. Labhróidh sé faoi chúrsaí ealaíona agus cultúir. Ócáid ar líne a bheas ann agus is féidir clárú ag <http://forms.gle/PhDdjLBN0jUTWNRz5>



GNÍOMHAÍOCHTAÍ SA MBAILE AR LEIC AN TEALLAIGH...

- TORTHAÍ NA MBAN -

Domhnach 13/09 F14 R2 (Peil)

CLG Bhearna/Na Forb	4-05
Muine Mheá	3-12

Domhnach 13/09 F14 R2 (Peil)

An Spidéal	8-18
Cathair Liostreáin	1-05

Déardaoin 10/09 F12 R1 B6 (Peil)

An Spidéal	6-11
Muine Mheá	1-04

- TORTHAÍ NA BHFEAR -

Dé Luain 14/09 (Iom) F14 C

CLG Micheál Breathnach	1-11
Bóthar na Trá/Cnoc na C	5-06

Domhnach 13/09 Iom) F12 G4

CLG Micheál Breathnach	4-04
Saighleán	1-02

Dé Sathairn 12/09 (Iom) F12 G10

CLG Micheál Breathnach	4-05
Órán Mór/Meáraí	1-03

Cuirfear tús le Cúrsa Oiliúna sna Meáin go luath. Sa Spidéal a bheas an cúrsa seo a thosófar i mí Meán Fómhair. Leagfar béim ar réimsí éagsúla, a bhaineann go smior le hearnáil na meáin ar an gcúrsa, cosúil le obair scrípte, eagarthóireacht, innealtóireacht fuaimne, láithriú raidió agus anailís ar na meáin. Teastas leibheáil 5 QQI a bhainfear amach ag deireadh an chúrsa.

Is féidir eolas breise a fháil faoin gcúrsa nó iarratas a dhéanamh ar an gcúrsa ach teagmháil a dhéanamh le heather.mackey@gretb.ie

RANGANNA SNA HEALAÍONA DÚCHASACHA

DÉ MÁIRT

Seanscoil Sailearna

- **Fidil** (tosaitheoirí) agus
- **Consairtín** (gach leibhéal) le Riona Ní Chonbhúí 5.00-7.00 i.n.

Seanscoil Sailearna

- **Bosca Ceoil** le Steve Sweeney 3.15-4.30 i.n. (gach leibhéal)



DÉ CÉADAOIN

Seanscoil Sailearna

- **Damhsa ar an Sean-Nós** le Riona Ní Fhlatharta 5.00-5.45 i.n. (bunrang) 6.00-6.45 i.n. (meánrang)

Seoladh sceideal na ranganna faoin scéim CUISLE de chuid Ealaín na Gaeltachta le gairid. Cuirfear tús le na ranganna ar an 21/09. Beidh neart ranganna éagsúla ar fáil ar fud Chois Fharraige. Is féidir clárú ag ealain.ie/cuisle